Úsáid Substaintí

Baineann an polasaí seo le daltaí, múinteoirí, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta, Coiste na dTuismitheoirí agus aon duine atá ag úsáid foirgneamh na scoile i rith am oscailte na scoile agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil.

An polasaí i gcómhthéacs na scoile seo:

Shocraigh an Bord Bainistíochta agus Foireann Scoil Fhursa polasaí úsáíde substaintí a scríobh:

- Is polasaí an Rialtais é an Stráitéis Náisiúnta Drugaí “Building on Experience” agus tá dualgas ar scoileanna polasaí substaintí a bheith acu. (Gníomh 43).
- Tuiscint ar an téarma “drugaí” a sholáthar do phobal na scoile agus polasaí na scoile i leith fadhbanna a bhaineann le drugaí a shainmhíniú.
- Cabhrú leis an scoil réiteach cuí a fháil ar fhadhbanna mi-úsáid substaintí ar bhealach rialaithe agus tuisceanach de réir ár ndualgaisí dleathúla.
- Cúnamh a thabhairt do mhúinteoirí sa seomra ranga.
- Tá an polasaí ag teacht le aidhmeanna na scoile go mbeadh áit shábháilte foghlama ag chuile dhuine. Tá sé mar aidhm aige cúram an chomhluadar scoile iomlán a chinntiú agus cabhrú leo siúd a bhfuil deacrachtaí acu.

Aidhmeanna:

- Leas, cúram agus cosaint chuile pháíste a chinntiú de réir Acht Oideachais (1998) agus an tAcht Oideachais (Leas), 2000.
- Chun a chinntiú go gcomhlíonann an scoil na riachtanais dleathúla agus nósanna dea-chleachtais.
- Oideachas ar úsáíd substaintí agus mí-úsáíd a sheachaint tríd an gclár OSPS (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte).
- Cosc a chur le contúirtí do pháistí mar gheall ar mí-úsáíd drugaí.
- Córas a fhorbairt chun bainistíocht a dhéanamh ar eachtraí a bhaineann le substaintí.
- Tacaíocht a thabhairt do na daltaí, na múinteoirí agus tuismitheoirí maidir le úsáíd substaintí.

Ba chóir an polasaí seo a léamh leis an gCód Iompar agus Rialacha na Scoile.

Fís na Scoile:
Creideann an scoil go bhfuil ról aige i gcur ar chumas na páistí freagracht a chothú i leith a sláínte agus an tsláinte a fheabhsú. Cothaímid dea-bhail na bpáistí tré:

1. Timpeallacht slán sábhailte sláíntiúil a sholáthar.
2. Dea-nósanna sláínte a chur chun cinn.
3. Eolas ar shláinte a sholáthar.
4. Féin-mhuinín agus féin-eolas na bpáistí a chur chun cinn.
5. Oibriú i gcomhar le tuismitheoirí agus páistí.

Sainmhíniú druga:
Séard is druga ann ná abhar cheimice a athraíonn an chaoí a fheidhmíonn an corp – san intinn, go fisiceach nó sna mothúcháin.

Aidhmeanna oideachais an pholasaí

Ba chóir a chur ar chumas an pháiste:

- féin mhuinín agus féin mheas dhearfach a bheith acu
- bheith freagrach astú féin
- tuiscint a fháil ar shaol sláintiúil, agus a bheith in ann iompar shlaíntiúil a chur i bhfeidhm agus páirt a ghlacadh i gníomhaíochtaí a chuireann sláinte chun cinn.
- sábháilteacht a thuiscint agus a bheith in ann iad fhéin a chosaint ó bhaol agus ó mhí-úsáid.
- cinntí a dhéanamh, fadhbanna a réiteach agus beartanna oiriúnacha a dhéanamh i gcomhthéacs pearsanta, sóisialta nó sláinte
- bheith tuisceanach agus stuama maidir le na tionchair éágsúla ar roghanna agus cinntí.

Oideachais maidir le úsáid substaintí:

Glactar leis de réir taighde gur múinteoirí is fearr chun oideachas maidir le alcól, tobac agus drugaí a sholáthar, tríd an gcuraclam OSPS.
I Scoil Fhursa déantar oideachas a chur ar dhaltaí maidir le alcól, tobac agus drugaí san ábhar OSPS i gcomhthéacs timpeallacht dearfach scoile uile.

San ábhar OSPS cuirfear oideachas maidir le substaintí sna ceachtanna cuí sa chlár Misneach, Weaving Wellbeing agus tré tionscadail éagsúla a dhéanamh

Ar an gclár ama tá leath uair in aghaidh na seachtaine ceadaithe do OSPS.

Már thugtar isteach aoichainteoir nó saineolaí eile beidh múinteoir i láthair i gcónaí agus leanfar na treoireacha de réir Ciorclán 0042/2018.

Caitheamh Tobac: Polasaí na Scoile:

Tá cosc iomlán ar thobac taobh istigh de gheatai na scoile. (Cosc dleathúil)

Níl cead ag páistí toitíní a bheith acu sa scoil nó sa chlós.

Ní cead tobac a chaitheamh ag cuairteoirí sa scoil nó sa chlós.

Alcól: Polasaí na Scoile:

Tá cosc iomlán ar alcól taobh istigh de gheataí na scoile.

Má cheapann múinteoir go bhfuil páiste faoi thionchar óil, cuirfear scéal láithreach ar an bPríomhoide, agus déanfaidh siad cinneadh céard is cóir a dhéanamh.

Má thagann páiste ar scoil faoi thionchar óil, cuirfear fios ar na tuismitheoirí chun iad a thabhairt abhaile. I gcásanna, b'fhéidir go mbeidh comhairle le lorg ó THÚSLA.

Cuirfear an Cód Iompar i bhfeidhm má bhristear na rialacha seo.

Ní úsáidfear alcól mar duaiseanna i gcrannchur.

Ní choinneofar alcól sa scoil.

Drugaí Mí-Dhleathacha: Polasaí na Scoile;

Tá cosc iomlán ar dhrugaí mí-dhleathacha taobh istigh de gheataí na scoile.

Má cheapann múinteoir go bhfuil páiste faoi thionchar dhrugaí mí dhleathacha, cuirfear scéala láithreach ag an bPríomhoide, agus déanfaidh siad cinneadh céard is cóir a dhéanamh.

Má thagann páiste ar scoil faoi thionchar dhrugaí mí dhleathacha, cuirfear fios ar na tuismitheoirí chun iad a thabhairt abhaile. I gcásanna, b'fhéidir go mbeidh comhairle le lorg ó THÚSLA nó na Gardaí.

Má aimsítear drugaí mí dhleathacha sa scoil, cuirfear faoi ghlas iad, agus cuirfear fios ar na Gardaí chun fáil réidh leo. Ní chóir do mhúinteoir substaintí mí-dhleathacha a iompar ariamh.

Má cheapann an scoil go bhfuil drugaí mí dhleathacha á ndíol, lorgófar comhairle ó na Gardaí agus ó THÚSLA.

Tá dualgas ar thuismitheoirí eolas a thabhairt don scoil má cheapann siad go bhfuil a bpáiste ag tógáil drugaí mí-dhleathacha.

Cuirfear an Cód Iompar i bhfeidhm má bhristear na rialacha seo.

Solvents:

- Níl cead ag páistí solvents de shaghas ar bith a bheith acu ar scoil, mar shampla, aerasól, cumhráin, táirge iarbhearrtha, lastóirí toitín, leacht ceartúcháin, glantóir snas iongain, gliú mar Bostic ná Uhu & rl.&rl.

Leigheas sa scoil:

Aon leigheas sa scoil, caithfear é a chur i dtaisce i slí is nach féidir le páistí teacht air.

Leigeas do Pháistí: Féach an Polasaí Riaracháin Leigheas.

Má tá leigheas pearsanta ag múinteoirí sa scoil, tá siad freagrach as é a choinneáil i dtaisce go sábhailte, i slí is nach féidir le páistí teacht air.

Bainistíocht eachtraí a bhaineann le alcól, tobac nó drugaí

D'fhéadfadh eachtraí mar iad seo a bheith i gceist.

- Úsáid alcól, tobac nó drugaí sa scoil nó i rith gníomhaíochtaí scoile.
- Meisce / iompar neamhghnáthach.
- Tabhairt le fios faoi mí úsáid.
- Teacht ar shubstaintí.
- Seilbh nó soláthar i bfoirgneamh na scoile nó i rith gníomhaíochtaí scoile

Tuismitheoir/Caomhnóir:

Má thagann aon bhall fóirne ar an eolas go bhfuil tuismitheoir/caomhnóir i bhfieighil ar pháiste fhad is atá siad faoi thionchar shubstaint agus an páiste i gcontúirt, déanfar chuile bheart réasúnach chun leas an páiste a chosaint. Cuirfear Gardaí nó TÚSLA ar an eolas.

Ball Fóirne:

Níl sé oiriúnach d'aon bhall fóirne bheith i bhfeighil páistí nó i radharc páistí má tá aon alcól tógtha acu.

I gcáscanna áirithe b'fhéidir go mbeadh comhairle dlí ag teastáil.

Má tá duine den fhoireann faoi thionchar substaint, ní mór dóibh dul abhaile láithreach agus ní mór fiosriú a dhéanamh ar an gcás.

I gcás múinteoir nó CRS, féadfaidh an scoil oibriú leis an Scéim Cúnaimh d'Fhostaithe.

Tabharfaidh an scoil aird ar thuairscí maidir le úsáid nó soláthar drugaí a bhainfeadh le aon duine a bheadh fostaithe sa scoil.

Ról an Phríomhoide:

Is é ról an Phríomhoide cinntiú go bhfuil an clár Misneach á mhúineadh i ngach rang.

Cinntiú go bhfuil tuiscint ag an bfoireann múinteoirí an tábhacht atá leis an ábhar O.S.P.S sa churaclam le mí úsáid substaintí a sheachaint.

Go mbeadh chuile mhúinteoir ar an eolas faoi an dlí maidir le alcól, tobac agus úsáid drugaí agus cén chaoi a mbaineann sé seo leo féin, an scoil agus na daltaí.

Déileáil le tuismitheoirí, Gárdaí, TÚSLA nó aon eagraíocht eile a mbeadh gá leis más rud é gur thárla aon eachtra a bhain le mí úsáid substaintí sa scoil.

Ról na Múinteoirí:

An tábhacht a bhaineann leis an ábhar O.S.P.S sa churaclam a thuiscint i leith oideachais faoi mí úsáid substaintí.

An clár Misneach a leanúint.

Ról na dTuismitheoirí:

Tá an scoil ag soiléiriú gur ag na tuismitheoirí/caomhnóirí atá an príomh ról maidir le mí-úsáíd substaintí a sheachaint.

Cur i bfeidhm:

Cuireadh an polasaí i bfeidhm ó thus na scoilbhliana 2021-2022 agus déantar athbhreithniú air go rialta.

Seán Ó Meachtain

23ú Samhain 2021